



Solas ar na Dumhchannaí: Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara

Title	Solas ar na Dumhchannaí: Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara
Author(s)	Ó Laoire, Lillis
Publication Date	2016
Publisher	LeabhairCOMHAR

An dréacht ar glacadh leis don chló. Draft Accepted for Publication.

Leagan Clóite ar fáil ag/For published version see: *Solas ar na Dumhchannaí: Aistí i gCuimhne ar Mhuiris Ó Meara*. Baile Átha Cliath: LeabhairComhar, 184-204.

Asarlaíocht ar an chroí: Amhrán Mhaínse agus an Dúchas

Lillis Ó Laoire

Mír íocónach chultúrtha é ‘Amhrán Mhaínse’ sa lá inniu. Más ceann de na príomhghnéithe i gcultúr coiteann na Gaeilge agus na Gaeltachta é an stíl agus an stór amhránaíochta dá ngairtear an ‘sean-nós’, tá aitheantas ag ‘Amhrán Mhaínse’ mar cheann dá sheoda móra. Is amhrán é a samhlaítear cumha agus eolchaire faoi leith leis, go deimhin, agus tá aitheantas leathan aige i bpobal na Gaeilge. Tá sé taifeadta ag go leor, leor d’amhránaithe Chonamara, agus go háirithe amhránaithe Charna, an ceantar a bhfuil Oileán Mhaínse suite ann. Ach tá scaipeadh air níos faide ná sin le blianta beaga anuas. Bhí sé ar cheann de na hamhráin a dúradh ag comórtas cáiliúil amhránaíochta a bhí i dTigh Kruger le linn fhéile na Nollag i 1995, cuirim i gcás, agus tá taifeadadh ar fáil d’amhránaí Gaeltachta as Oileán Áranna Móire i dTír Chonaill á rá fosta. Le gairid arís, tá sé taifeadta ag an amhránaí Síle Denvir, ball den ghrúpa ban Líadan, agus príomhamhránaí na buíne. Tá corradh le 134,000 buille faighte ag an leagan sin ar YouTube, rud a léiríonn an ghné thrasnáisiúnta iltíreach a bhaineann leis an amhrán anois agus le cuid mhaith eile de cheol na Gaeilge.

San aiste seo, is mian liom a dhul amach beagán ar stair agus ar chúlra an amhráin mar thús. Déanfaidh mé iarracht foinse an amhráin a ríomh, agus scéal agus údar an pháosa a aithris, go háirithe an bhaint atá aige le hamhráin eile de chuid Chonamara. Féachfar leis an ghaol idir na téacsanna éagsúla seo a phlé agus mionmhíniú a thabhairt orthu. As sin cíorfar scéal an amhráin i dtéarmaí réigiúnacha agus na hathbhríonna áitiúla is féidir a bhaint as sa chomhthéacs sin. Amharcfar fosta ar an dóigh ar sháraigh an t-amhrán teorainneacha an réigiúin agus mar a tháinig an t-

amhrán chun cinn mar mhír thábhachtach thrasnáisiúnta chultúrtha. Rianófar chomh maith an ceangal atá idir an scaipeadh sin agus seasamh an amhráin mar shiombail uilíoch de chruinnessamhail na nGael. Grinneofar stair an amhráin agus déanfar comparáid idir sin agus na tuiscintí cultúrtha atá i gceist ann. As sin ar fad, gheofar léargas ar an bhrí atá leis i gcultúr coiteann na Gaeilge, agus ar chuid de chroíluchanna an chultúir sin. Ar cheann de na luachanna sin, tá tábhacht na háite, nó i bhfocail eile, coincheap an dúchais féin. Is é mo bharúil gur éirigh le ‘hAmhrán Mhaínse’ cáil chomh mór sin a bhaint amach i gcultúr na Gaeilge, de bharr go seasann an téacs agus an ghabháil cheoil a dhéantar air, go seasann siad ar bhealach bunúsach do dhúchas na Gaeilge agus na hÉireann. Eascraíonn an t-alt seo as plé a bhí agam le Muiris Ó Meara sa bhliain 2012 nuair a bhí sé ag déanamh taighde ar an scannán *Cré na Cille* le Robert Quinn (2007). I gcomhfhreagras ríomhphoist a bhí againn faoin amhrán, mhínigh mise mo thuiscint féin ar ‘Amhrán Mhaínse’ do Mhuiris agus chuir seisean a léirmhíniú géarchúiseach féin i bhfeidhm ar ar dhúirt mise leis, agus é á chur i gcomhthéacs na húsáide a baineadh as an amhrán sa scannán úd. Tugaim cuid den chomhfhreagras sin ag deireadh na haiste seo mar aitheantas don spreagadh a thug Muiris dom ina leith agus mar mhéaróg ar a charnán.

Mar sin de, cén stair agus cén cúlra a bhaineann le ‘hAmhrán Mhaínse (AM)?’ Nó an ceart an teideal sin a chur ar an amhrán ar chor ar bith? Ceann de na cuntais taifeadta is luaithe dá bhfuil againn, is ó aithris Bheairtle Uí Chonghaile, sceálaí agus seanchaí ainmniúil as an Aird Thiar, Carna, a fuarthas é. Seo an cuntas a thug seisean ar chúlra nó ar údar an amhráin:

Seo amhrán a cumadh i gConamara a dtugtar ‘Amhrán Mháire Ní Chlochartaigh’ air. Rugadh agus tóigeadh Máire Ní Chlochartaigh in Oileán Mhaínse in aice le Carna. Agus phós sí Tomás Ó Conghaile, as thall Leitir Caladh i bparóiste Leitir Móir. Agus thóg sí comhluadar ann agus bhuaile galra a báis í i ndeireadh fómhair agus i dtús geimhridh. Agus de réir breithiúnas na haimsire a bhí ann – mar tá sé ag bordáil céad go leith bliain ó mhair sí ansin – thuig sí nach raibh i ndán biseach di. Ní dochtúirí a bhí fairsing ach bhí daoine eile a raibh leigheasanna agus scil agus meabhair acu ar thinneas duine agus beithíoch. Agus mar sin a bhí sé aicise. Thuig sí, cibé galra a bhí ag gabhail di, nach raibh sí le aon bhiseach a fháil agus go mba é an bás a céile.

Agus ní raibh sí sean ná rud ar bith mar é. Agus thosaigh sí ag smaoineamh uirthi féin ar leaba a báis, go mba mhaith léi í a chur, pé ar bith lá a bhfaigheadh sí bás, go mba mhaith léi í a thabhairt ar a nádúr go reilig Mhaínse, ins an áit a raibh a muintir curtha. Agus bhí col ceathrair aici ba mheasa léi a bhí aici riamh, a dtugaidís Páidín Mór 'Ac an Iomaire air, thoir i Ros Dugáin, a raibh bád mór aige. Agus gheall sé di, fé ar bith lá a bhfaigheadh sí bás, go dtabharfadh sé féin ina bhád mór go Mainis í, mar ní raibh gluaisteán ná taisteal bóthair an t-am sin ná droichead díonta ar an Daingean ná ins na háiteachaí sin mar atá inniu. Bhí sí ansásta leis sin. Agus thosaigh sí ag déanamh an amhráin seo ar leaba a báis. Agus mar seo a théann sé:

Dá mbeinn trí léig i bhfarraige nó i sléibhtí i bhfad ó thír
Gan éinne beo i mo ghaobhar ach raithneach glas is fraoch
An sneachta á shéideadh aduaidh orm is ó dheas is an ghaoth dhá scuabadh díom
Mé bheith ag comhrá le mo Taimín Bán, níorbh fhada liom an oích'.

A Mhuire dhílis céard a dhéanfas mé, tá an geimhreadh seo a' tíocht (a) fuar?
A Mhuire dhílis céard a dhéanfas an teach seo ná a bhfuil ann?
Ó Dhia ach a Rí cén fáth nár fhág tú mé nó go bhfillleadh an lá breá?
Go mbeadh an chuach a' seinm dúinn is gach duilliúr (a) glas ag fás.

Dá mba tusa féin a d'imeodh as agus (a) mise fanacht beo
Bheinn i gcionn do chlainne dhuit gach oíche is de ló
Mar shíúilfinn féin an Cúige leob agus páirt (a) de Chontae an Chláir
Is go deo, deo deo ní smaoineoinn fear eile a chur in t'áit.

Bíodh mo chónra déanta agaibh as fionscoth gheal na gclár
Is má tá Seán Ó hEidhin i Mainis bíodh sí déanta óna láimh
Bíodh caipín is ribín inti is iad go rídheas (a) faoi mo cheann
Tá an triúr ban óg ó shléibhte le mé chóiriú os cionn cláir.

Dá mbeadh mo chlann sa mbaile agam an oíche le go bhfaighinn féin bás,
Nach dtórróidís go gnáíuil mé trí oíche is trí lá
Bheadh na píopaí fada geala acu, na ceaigeannaí a bheadh lán
'S thiúrfadh Páidín Mór go Mainis mé nó is garbh a bheadh an lá

Ag gabháil siar le hInse Ghainimh dom beidh bratach ina chrann
'S ná cuiridh i Leitir Caladh mé mar níl éinne ann de mo dhream
Ach tugai gí go Mainis mé ins an áit a gcaoinfear mé go breá
Beidh solas ar na dumhchannaí is ní bheidh uaigneas orm ann.

Ach leis an scéal, fuair sí bás agus níor tháinig aon trí lá ó shin ba mheasa i lár geimhridh,
roimh an Nollaig, ná na trí lá a báis agus b'éigean í a chur san áit nár mhian léi i Leitir Móir,
go ndéana Dia trócaire uirthi féin agus ar na mairbh.ⁱ
(Cartlanna Sheosaimh Uí Éanaí

<http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=1149>)

Sa bhliain 1950 a thóg Ciarán Mac Mathúna an cuntas agus an leagan sin ó Bheairtle Beag agus seasann an cuntas mar leagan údarásach béil den scéal. Féach gur ‘Amhrán Mháire Ní Chlochartaigh’ a thugann Beairtle Beag ar an amhrán – á cheangal leis an duine féin ar dtús agus leis an áit ansin. Dar ndóigh níl aon fhianaise stairiúil againn ar an scéal seo. Is ag brath ar fhoinsí béil amháin atáimid i dtaca le hAM de. Tá an tréimhse ama tábhachtach maidir leis an dátaíocht a thugtar don bhanfhile, á mhaíomh gur le tús an naoú céad déag a bhaineann sí agus, dá réir sin, gur ag an tráth sin a chum sí na focail. Tá seans maith ann go bhfuil cuid den fhírinne sa mhéid sin, ach, má tá féin, níl aon leagan den amhrán againn is sine ná an dáta sin 1950, rud a chuireann iontas orainn b’fhéidir, ó tharla stádas a bheith aige a ghearrann marc air mar mhír dúchasach den scoth. Tá dhá théacs againn den amhrán a d’aithneofaí inniu mar théacs cruinn, a bhaineann le tréimhse beagán níos luaithe ná sin. Ba é Éamonn Ó Conghaile, mac Bheairtle a bhailigh an t-amhrán óna athair i 1952, agus ba é Séamus Mac Aonghusa a bhailigh an ceann eile ó Shéamus Thomáis ‘c an Iomaire i gCill Chiaráin, i 1944. Faoin teideal ‘Amhrán Mháire Ní Chlochartaigh’ atá an dá leagan agus (Ní Fhlathartaigh 1976: 152). Tá sampla amháin eile den téacs le fáil i gCartlann Bhéaloideas Éireann, ceann a bhailigh Proinsias de Búrca i Ros Muc i 1965 agus is leagan briste go maith é (Ó Con Cheanainn 2011: 174). Ní tháinig mé trasna ar an amhrán i láimhscríbhinní scanta www.duchas.ie cuirim i gcás. Arís, ábhar iontais é seo de bharr an oiread éilimh a bhíonn ar an amhrán sa lá inniu. Is féidir cosúlachtaí áirithe téacsúla a aithint idir AM agus trí cinn eile dá ndeirtear i gConamara, mar atá, ‘Máire Ní Ghríofa’, ‘Bríd Ní Ghaora’ agus ‘Bádóirín Thír an Fhia’ (Ó Con Cheanainn 2011). Is leaganacha áitiúla den amhrán chéanna iad an péire a bhfuil ainmneacha ban orthu agus faightear véarsa iomlán iontu atá le fáil chomh maith in AM. Seo, mar shampla, an leagan a bailíodh i scoil an Chnoic, Leitir Móir i 1935-7 faoi scéim Bhailiúchán na Sgol agus é san amhrán ‘Máire Ní Ghríobhtha’

(<http://www.duchas.ie/en/cbes/4622966/4618004/4628414>, Scoil an Chnoic, Leitir Móir, 259-61):

Ó'gus fáighidh mo chomhra réidhtighthe dhom de thogha na péinne bán
Má tá Seán Ó h-Eidhin i Maoinis fáighidh í deanta ó na láimh
Mo chaipín 's mo ribín síoda go ró-dheas ar mo cheann
'S go bhfuil triúr ban óg i Maoinis le mé a chaoineadh os cionn cláir.

Sa leagan chéanna sin, tá an cheathrú seo a shamhlaítear chomh maith le 'Bádóirín Thír An Fhia':

Tá arainn i mbéal mo chléibh a chuirfeadh na céadta fear chun báis
Is tá mé cinnte dearbhtha nach bhfuil mo leigheas le fágáil
Nach é an truagh ghéar mé ag sgaradh leat ag teacht do'n aimsear bhreagh
Nuair atá an chuach ag seinim cheoil is an duilleabhar glas ag fás.

Tá na focail sa dara leathrann sin an-ghar d'fhocail atá in AM agus is féidir trí véarsa a aithnítear mar AM inniu a fheiceáil in *Ceol na nOileán* faoin teideal 'Bríd Ní Ghadhra'. (1990 [1931]: 87, 142). Léiríonn na véarsaí seo nach féidir glacadh le hAM mar théacs socair. Ar an dóigh chéanna, má fhéachaimid ar an ocht leagan de 'Bhríd Ní Ghaora' a bailíodh i mBaile na hInse (a bhfuil ceantar Charna ann) aithneofar véarsaí a shamhlaítear le hAM i gcuid acu chomh maith. Díol suime nach mbíonn siad i gceachtar den dá leagan as ceantar Charna a fuair Shéamus Mac Aonghusa, agus an chosúlacht orthu gurbh é Colm Ó Caodháin ab fhoinsé bhunaidh dóibh, ach ag amhránaithe eile níos faide ó bhaile ná sin, i gceantar an Chlocháin (Ní Fhlathartaigh 1976: 22-3). Chuirfeadh sin in iúl gur samhlaíodh na véarsaí taistil úd go cinnte le hAM in Iorras Aithneach sin faoi dhaicheadaí na haoise seo caite, agus go mb'fhéidir gur fás réasúnta deireanach a bhí sa tuiscint sin. Bhailigh Séamus Mac An Iomaire leagan den amhrán atá i gcuid páipéar Thomáis Uí Mháille sa Leabharlann Náisiúnta nár éirigh liom a scrúdú (NLI Ó Máille).ⁱⁱ Ach tá rud amháin soiléir cheana, is é sin, go bhfuil an idirthéacsúlacht is dual don bhéalaireacht le haithint go cinnte ar na cosúlachtaí atá ag na hamhráin seo lena chéile. Dáiríre, bheadh gá ann na leaganacha ar fad a mhaireann de na hamhráin éagsúla seo a bhailiú ar dtús agus a chíoradh agus mionchaibidil go leor a dhéanamh orthu, féachaint an bhféadfaí bunrúta an scéil a aithint. Agus ina dhiaidh sin a dhéanamh féin, tá seans maith ann nach bhféadfaí

cróineolaíocht nó leagan bunaidh ar leith a sholáthar a bheadh a dhath ní b'fhearr ná an ceann atá againn. Mar sin de, fágann na huirlisí sin ar an ghannchuid sinn. Dá bhrí sin, ní dhéanfar an cíoradh seo san alt seo ach seans go dtabharfar faoi amach anseo. Is cinnte go mbeadh toradh spéisiúil ar a leithéid de chíoradh agus go dtabharfadh sé léargas breise dúinn ar na téacsanna seo ar fad agus ar an ghaol ghabhlánach atá acu le chéile. Rud a dúradh liom faoin amhrán seo, nach raibh an oiread sin éilimh air i gCeantar na nOileán (Ní Ráinne 2015), ach mar sin féin tá sé taifeadta ag beirt a bhfuil clú orthu mar amhránaithe poiblí as an cheantar sin, mar atá, John Beag Ó Flatharta (1994) agus Anne Marie Nic Dhonnchadha (Mac Aodha 1996). D'ainneoin gur as na hOileáin iad, tá gach cosúlacht air gur spreag an t-éileamh poiblí a bhí ar an amhrán faoi na nóchaidí iad agus chuir siad lena stór é dá bharr, measaim. Léiríonn an méid sin go raibh an nasc fíorlogánta idir an t-amhrán agus ceantar Charna á scaipeadh amach chun go seasfadh an t-amhrán mar shiombail de Chonamara agus go deimhin don Ghaeltacht ar fad faoin tráth sin. Mar a luaigh mé thuas, dúirt an t-amhránaí Maidhcí Joe Mac Gearailt, as Lios Póil an t-amhrán i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós Tigh Kruger, i nDún Chaoin sa bhliain 1995.ⁱⁱⁱ Ba é seo an chéad léim go Gaeltacht eile, rud a léiríonn tábhacht Raidió na Gaeltachta mar mheán san fhorás a tháinig ar AM mar mhír cultúrtha a sháraigh laincisí na logántachta. Deimhníonn an taifeadadh leis an amhránaí Chonallach, Síle Uí Luathairí, as Árainn Mhór, ar an taifeadadh *Rabharta Ceoil*, a chuir Coláiste Árainn Mhóir le chéile (2011) gur ag leathnú amach i gcónaí atá an t-amhrán ó shin. Sula gcíorfá an fás a tháinig ar AM mar sin féin, ní miste dúinn dul siar beagán i dtús báire.

I dtaca le hAM de, is fiú an áit atá i gceist san amhrán a phlé. Tá Maínis, maigh inis, suite i bparóiste Iorras Aithneach nó paróiste Charna, clár íseal talún agus é ag gobadh amach soir agus ó dheas i gCuan Chill Chiaráin i gConamara, in Iarthar na Gaillimhe. Seo cur síos Tim Robinson air agus é aistrithe go glan-Ghaeilge ag Liam Mac Con Iomaire: 'Muighinis an seanlitriú a bhíodh air agus míníonn sé sin an t-ainm níos fearr mar is éard atá ann *magh* (talamh réidh) agus *inis* (oileán)' (Robinson & Mac Con

Iomaire 2002: 71). San am a caitheadh, bhí tionscal rathúil ann ag saortha bád, agus tá clú ar na saortha sin in amhráin an cheantair mar na fir cheirde ab oilte agus ba dhealámhaí a bhí sa cheantar ar fad. Mar seo a chuir an file Maidhc Mhaidhcilín Ó Conghaile síos ar cheardaithe an bhaile i bhfichidí na haoise seo caite nó mar sin (Ó Conghaile et al. 2013: 520-522, 816):

Is nach bhfuil *sway* na tíre ag Maínis [sic] anois le fada an lá,
Tá bród is neart ar dhaoine is inseoidh mé dhaoibh cén fáth
Mar gheall ar bhád Sheáin Antoine atá ar a hancaire ar an trá
Mar sí is deise uilig sa taobh seo anois, í féin agus an Áirc....

Is nach bhfuil saortha in Inis Leacain is tá saortha in Inis Ní
Tá saortha ar an gCaiseal dá mbeadh seanchas againn faoi
Mar rinneadar báid mhaithe dhúinn fós ó thús an tsaoil
Ach is léi seo an bhratach ón gcéad lá ar dearnadh í.

Is nach bhfuil saortha i gCaladh Mhainse chomh maith 'gus tá le fáil
Tá saortha thíos i nGaillimh agus rinneadar báid bhreátha,
Ach caithfidh muid mar a chonaic muid is mar 'chuala muid iad a rá,
Go raibh *sway* na tíre ag saortha Mhainse ariamh ag déanamh báid.

Léiríonn mórtas cine, ceirde agus ceantair an fhile san amhrán sin an gradam ard a bhí ag Maínis mar áit speisialta go soiléir. Ba iad na báid chéanna sin, púcáin, húicéirí nó báid mhóra, leathbháid, gleoiteoga agus nobaíos na soithí ina ndéantaí cuid mhór de thráchtáil an réigiúin go háirithe ar Chuan na Gaillimhe. Cuidíonn an dán thuas linn an t-ómós a léirití do na báid sin a thuiscint agus tugtar leid dúinn den ghradam a bhain le báid mar shiombailí stádais agus céimíochta sa cheantar. Ní fhágann amhrán Uí Chonghaile aon amhras orainn ach gurbh é an bád mór nó an púcán *Rolls Royce* na linne.

Leagtar 'Amhrán Mhainse' ar Mháire Ní Chlochartaigh, bean a raibh dáimh láidir aici leis an oileán úd, bean, seans maith, a rugadh ansin. Ní deirtear é sin go díreach san amhrán ach san údar a chuirtear leis an amhrán, déantar cinnte an nasc dúchais sin a chur chun tosaigh go láidir mar bhunchúis le déanamh an amhráin sa chéad chás de.

Ar an ábhar sin, déantar ceangal láidir san amhrán idir an reacaire agus an áit. Mar chruthú air sin ainmnítear **an t-**amhrán as an áit agus as an bhean a rinne é. Sa chéad phearsa atá an t-amhrán cumtha, agus dála go leor de na seanamhráin, tugann an phearsa sin brí agus beocht ar leith do chur i láthair an téacs, ar an ábhar gur amhránaí aonair is minice ná a mhalairt a bhíos a rá.

Foinsí béil amháin atá againn don amhrán seo, mar a luadh cheana. Mar atá ráite go minic, bíonn an traidisiún béil dírithe ar an dúchas, de ghnáth, i gciall na háite den fhocal sin, agus fágann an bhéim sin bearna go minic san eolas a chuirtear ar fáil maidir le dátaíocht na n-eachtraí a ndéantar cur síos orthu. Phléigh Lauri Honko ceist an bhéaloidis mar phróiseas arbh é a chéad bheatha é a bheith mar ghnáthchuid de shaol na muintire nár aithníodh mar ghné faoi leith cultúrtha, ach mar sheanchas (Honko 1990: 25-47). Nuair a tugadh faoi deara é, is ea a cuireadh tús leis an dara beatha. Tá saibhreas seanchais a bhaineann leis an charachtar seo agus lena saol beo i gConamara go dtí an lá inniu, rud a léiríonn go bhfeidhmíonn an chéad bheatha (an seanchas áitiúil) agus an dara beatha (an t-amhrán á rá ar stáitsí agus ar ócáidí poiblí) as lámha a chéile agus gur deacair aon deighilt ghlanscoilte a dhéanamh eatarthu. Scoláirí a dhéanann na hidirdhealuithe sin go minic le bheith ábalta an plé a bhíonn ar bun acu a dhéanamh níos fusa dóibh féin.

Fillimis anois ar Bheairtle Beag agus ar an leagan agus ar an scéal a sholáthair seisean don amhrán. Bhí cáil ar Bheairtle Beag mar sheanchaí agus mar scéalaí agus bhí sé an-ghníomhach i gcúrsaí an Oireachtais ón bhliain 1942 i leith nuair a athbhunaíodh an fhéile arís (Mac Con Iomaire 2007). I scéal agus i dtéacs an amhráin seo, léirítear antuiscint ar dhúchas an cheantair. Faightear léargas glinn ar an fharraige mar phointe lárnach tagartha. Ní nach ionadh, tá an fharraige fíorthábhachtach do phobail mara ar fud na cruinne. Má ba iad na púcáin carranna gradamúla na linne ba í an mhuir an mótarbhealach. ‘Ród na Gaillimhe’ a thugtar ar an fharraige san amhrán ‘Sadhbh Ní Bhruinnealla’ agus níor bhréag ar bith gur bóthar a bhí i gceist léi (Ó Conghaile et al. 2013: 533). San am nach raibh na bóithre talún thar mholadh beirte, má b’ann dóibh

ar chor ar bith, ba é slí an tsáile an cosán i ndáiríre, modh iompair agus cumarsáide a bhí fite fuaite le saol na ndaoine. Tá ‘súil le muir’ ag an phobal mar gur nasc í an mhuir leis an saol taobh amuigh, le Gaillimh mar a deir an t-amhrán, agus le margáí agus le teagmhálacha eile de gach cineál.

Ach más conair í an fharraige, a chuireann daoine i dteagmháil le chéile, is críoch theorann í chomh maith, críoch a ghearrann stríoc a dhealaíonn pobail óna chéile. Cé go mbíonn teagmháil agus cumarsáid rialta eatarthu sin a chónaíonn ar na cladaí taobh ó dheas den chuan agus an dream a chuireann fúthu ar na cóstaí ó thuaidh, níl aon cheist ann ach go n-aithníonn an dá thaobh gur daoine difriúla iad. Dá ghaire dá chéile an dá ghrúpa agus dá mhinice an chumarsáid a bhíonn acu le chéile, déanann an fharraige deighilt sho-aitheanta críche, a scarann an dá ghrúpa agus a chuireann in iúl gur dhá phobal ar leith atá iontu. Tá feidhm eile fós ag an fharraige, is é sin, go bhfeidhmíonn sí mar bhac dosháraithe, a choinníonn daoine ar dhá thaobh an chuain ó chéile go héifeachtach ar feadh tréimhsí maithe agus go dtarlaíonn sé sin gan rabhadh gan fógra. Leagann an chumhacht fhiáin dhosmachtaithe sin méar ar ghuagacht agus ar laige na n-iarrachtaí a dhéanann daoine i gcoinne chleasaíocht an nádúir, tuiscint atá le fáil go smior sa téacs. Tá an dá thuiscint eile i gceist in AM fosta agus, dá réir sin, feidhmíonn an t-amhrán ar bhealach a thugann léargas ar chruinneshamhail an phobail mara seo a bhí i muinín na mara lena mbeatha a thabhairt i dtír.

Má tá eolas leitheadach ar an amhrán inniu de bharr go gcluintear go coitianta ar an raidió é, agus más amhrán é a deirtear go minic ag comórtais an Oireachtais, ábhar iontais, b’fhéidir, nach hamhlaidh a bhí i gcónaí. Luaigh mé thuas trí cinn d’amhráin a raibh véarsaí as AM le fáil iontu, agus is díol suime na leaganacha sin. Maidir leis AM féin agus le leaganacha a ndéarfaí fúthu gur AM atá i gceist leo agus nach amhrán gaolmhar, trí leagan den amhrán a bhailigh An Coimisiún le Béaloideas Éireann i lár na fichiú haoise, agus is i gCarna a bailíodh péire díobh (Ní Fhlaitheartaigh 1976).

Tá gach cosúlacht ar an scéal, mar sin, gur amhrán an-áitiúil é AM agus gur amach as ceantar Iorras Aithneach a tháinig sé, agus gur scaip sé i bhfad agus i gcéin sa dara leath den fhichiú haois. Bíonn claonadh againn i gcónaí in Éirinn a bheith ag smaoineamh ar an Bhéaloideas mar ghné chultúrtha a bhaineann leis an seansaol agus seans go gcuirfidh an borradh seo a tháinig ar AM lenár linn féin, cuid mhaith, iontas orainn. Ach níor cheart smaoineamh ar an Bhéaloideas mar chuid den seansaol amháin, ach mar ghné chlaochlaitheach den chultúr a fhásann agus a mheathann dála aon ghné eile. Tá baint mhór ag teacht na teicneolaíochta agus na meán craolta leis an scéal dar ndóigh. Ar feadh m'eolais, ba é an t-amhránaí clúiteach as an Aird Thiar i gceantar Charna, Seán 'ac Dhonnchadha, Johnny Joe Pheaitsín, an rinne an chéad taifeadadh tráchtála sa bhliain 1971, ar an cheirnín *An Aill Bháin*, a d'eisigh Ceirníní Cladaigh agus ó shin i leith tá líon na dtaifeadtaí sin méadaithe as cuimse de bharr tóir mhór a bheith ar an amhrán. Mar sin, is amhrán mór le rá é i gcanóin an tsean-nóis sa lá inniu, cé gur le ceantar amháin i nGaeltacht Chonamara a shamhlaítear é i ndáiríre. Is é téama an amhráin, an tuiscint láidir atá ann den dúil san áit bhunaidh, agus an mian filleadh ar an áit dhúchais sin, a fhágann go meallann sé an oiread sin daoine ina threo. Ó tharla an imirce a bheith ina cuid lárnach de chultúr na hÉireann agus go háirithe de chultúr iarthar na hÉireann le fada an lá, is féidir leis an logainm Maínis seasamh go meafarach ar son aon cheantair dúchais. Is cineál de cheannsiombail uilíoch é an logainm sin ar an dúchas go ginearálta. Baineann sé sin ar bhealach le próiseas an domhandaithe, agus an chumhacht bhreise atá ag an dúchas ina láthair. Mar a deir Paul Carter, más féidir réigiún a shamhlú mar spás cruthaitheach, síneann sé amach thairis féin agus folaíonn sé taobh istigh de féin an spás amuigh (Carter 2010: 17). Cuidíonn an dúil sin a chuirtear ann leis an tuiscint sin a theacht chun cinn ionas go sáraíonn an t-amhrán aon laincis a chuirfeadh an logainm air. Is féidir an t-ainm Maínis a chomhshamhlú le Conamara go héasca agus go deimhin le háiteacha eile is faide ó bhaile ná sin. Ní tharlódh sé sin chomh réidh céanna murab é an fhorbairt atá tagtha ar chultúr na Gaeilge tríd an Oireachtas, tríd

an raidió, tríd an teilifís agus le fiche bliain nó mar sin tríd an idirlíon, mar a luadh i gcás an bhanna ceoil Líadan cheana.

Tá an dúil a chuireann an duine ina áit dhúchais ina gné lárnach chultúrtha ar fud an domhain agus ní haon eisceacht cultúr na Gaeilge sa chás sin (Tuan 1974, Casey 1998). D'aithin Seán Ó Tuama go maireann dílseachtaí áitiúla go láidir in Éirinn de bharr seanphatrúin sloinnte agus logainmneacha a bheith leanúnach i gcónaí go pointe, d'ainneoin an nua-aoiseachais (Ó Tuama 1992: 176-7). Insítear scéal faoi bhean as Conamara a raibh teach aíochta aici sa cheann thiar den chathair in aice leis an gCrane, áit a dtéadh muintir na tuaithe isteach agus iad ag déanamh a ngnó sa bhaile mhór. Ba í an bheannacht a bhíodh aici do dhaoine a thagadh isteach: 'Cé as aniar thú is cé leis ansin thú?' (Ó Curnáin 2015). Dhá cheist thábhachtacha iad sin a chuidíonn an duine a aithint ar a mhuintir agus ar a áit dhúchais agus a dhéanann ceangal cinnte idir an dá ghné.

Dála go leor amhrán eile i nGaeilge níl scéal díreach á insint in AM. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil scéal san amhrán ach nach insint leanúnach ar eachtraí atá curtha i ndiaidh a chéile in ord faoi leith véarsaíochta atá i gceist. Is sampla maith é an bealach a n-insíonn Beairtle Beag Ó Conghaile 'údar' nó 'scéal' an amhráin roimh ré de chleachtas atá coitianta i dtaca le hamhráin i nGaeilge de (Shields 1991: 63). Bíonn an scéal i gceist ach insítear é mar phársa seanchais roimh an amhrán nó uaireanta ina dhiaidh. D'fhéadfaí an seanchas a insint leis féin gan an t-amhrán agus go minic fosta cluintear an t-amhrán gan an scéal a insint. Mar sin féin téann an péire, an scéal agus an t-amhrán, le chéile, agus fiú mura ndéantar iad a aithris le chéile, tuigeann éisteoirí an nasc atá eatarthu.

I dtéacs an amhráin cuirtear an-bhéim ar an tórramh agus ar na nithe a mbeidh gá leo chun go gcomhlíonfar an chuid seo de dheasghnátha an bháis go gradamúil. Ag breathnú chun tosaigh atá an reacaire san amhrán seachas a bheith ag dearcadh siar agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil cineál ríméad uirthi faoina bhfuil le tarlú.

Leagann sí amach a cuid iarratas maidir leis na socruithe atá le déanamh mar chineál treorach dá muintir a dtitfidh an cúram orthu a bheith cinnte go ndéantar gach rud i gceart. Ní haon iontas go dtabharfaí tiomna nó uacht ar an amhrán seo. Tá ceist an bháis lárnach ann ach is mar cheiliúradh ar an saol atá an bás ann – an aisling den tórramh agus den tsochraid atá san amhrán, tugann siad léargas an-ghlé ar thuiscintí mhuintir na tuaithe in Éirinn i leith dheasghnátha an bháis, an rud a dtugtar an tórramh meidhreach air. Sa tsean-am bhíodh an-cheiliúradh ag tórraimh agus bhíodh cluichí agus caitheamh aimsire de gach cineál ann chomh maith le tobac agus biotáille. Ceart go leor, ní bhíodh sport ná rí rá i gceist dá mba bás anabáí a bhí i gceist ach diomaite de sin, is liosta le háireamh iad na healaíona a bhíodh ar siúl ag an bheo i láthair an mhairbh agus an corp á fhaire agus á réiteach lena chur i gcré na cille. Dearnadh ‘carnabhalach’ a bhí ann ar an saol agus ar an nasc a bhí idir an bás agus an bheatha. Nuair a dúirt an seanchaí Conallach Peadar Ó Tiománaigh as na Cruacha Gorma, ‘Tá an bás chomh nádúrtha leis an bhreith,’ chuir sé fiche focal in aon fhocal amháin ag léiriú go glinn an tuiscint thraidisiúnta de chiorcal buan na beatha (Ó hEochaidh 1947: 175). Leanann gnás an tórraimh go dtí an lá inniu i gceantair áirithe in Éirinn. B’fhéidir nach mbíonn ‘triúr ban óg’ i láthair anois leis an corp a chaoineadh ach mar sin féin mar a léiríonn Cashman, bíonn go leor scéalaíochta agus grinn i gceist go fóill i gceantair tuaithe in Éirinn (Cashman 2008: 71-93).

Más é Johnny Joe Pheaitsín an chéad duine a rinne taifeadadh tráchtála de AM, níorbh é an duine deireanach é. Chan Joe John Mac An Iomaire, amhránaí clúiteach as ceantar Ros Dugáin, in aice le Cill Chiaráin, a thug Corn Uí Riada leis faoi dhó. Fear é a bhíodh ag maíomh gaoil ar Pháidín Mór Mac An Iomaire. Ó Bheairtle Beag a fuair seisean an t-amhrán agus cuireadh an taifeadadh sin ar fáil ar an cheirnín *Corn Uí Riada – Buaitheoirí 1972-2007* (Cló Iar-Chonnacht/Raidió na Gaeltachta 2009) cé gur sa bhliain 1977 a tógadh an t-amhrán ar dtús. Díol suime an stíl bhreá chroíúil agus an guth, glan, smacht na hanála agus soiléireacht na bhfocal sa taifeadadh sin, tréithe atá ag roinnt le gabháil Johnny Joe Pheaitsín chomh maith.

Sa bhliain 1985, bunaithe ar an spéis a bhí curtha aige le cúpla bliain roimhe sin sa sean-nós, chuir an léachtóir agus an scoláire Brian O'Rourke cnuasach amhrán ar an sean-nós amach, cnuasach ar éirigh go maith leis ar an mhargadh. *Blas Meala: A Sip from the Honey Pot* ab ainm don leabhar sin agus chuir sé dhá chaiséad de na hamhránaithe ag canadh a gcuid amhrán leis (O'Rourke 1985). Bhí nuáil ag baint leis an togra seo. Cé gur iomaí taifeadadh a bhí déanta den amhránaíocht ar an sean-nós roimhe sin, ba é seo an chéad uair a cuireadh aistriúcháin fhileata Béarla ar fáil, agus iad á gcasadh ag na hamhránaithe céanna a bhí ag casadh na leaganacha Gaeilge. Ba é a spreag an Ruarcach lena leithéid a dhéanamh gur cheap sé go raibh go leor den sean-nós ceilte ar dhaoine a bhí ar bheagán Gaeilge. Bhí faoi deis a thabhairt dóibh leis an tionscnamh sin, léargas ní b'fhearr a fháil ar áilleacht na bhfocal agus an cheoil le chéile.

Níorbh í sin an t-aon nuáil a bhí i gceist. Ba í Sarah Ghriallais, Sorcha bean Uí Chonghaile, as Muiceanach Idir Dhá Sháile, an té a dúirt AM agus an t-aistriúchán Béarla. Amhránaí an-chumasach í Sarah a bhuaigh Corn Uí Riada i 1984, agus go leor eile duaiseanna nach é. Chuaigh an leagan a bhí aici go mór i gcion ar dhaoine agus go dtí an lá inniu, tá an tionchar a d'imir Sarah ar an amhrán le haithint go réidh air. San áit a raibh fonn faoi leith ag an triúr fear a chas an t-amhrán ar dtús leis an amhrán, d'úsáid Sarah fonn eile – fonn a bhí an-ghar don cheann a gcantar go leor bailéad Béarla leis – ar nós 'The Rocks of Bawn' nó 'John Mitchel' i gceantar Charna ar a laghad agus seans in áiteanna eile fosta. Chuir an taifeadadh agus t-athrú sin cor i gcinniúint an amhráin. Chas Sarah an t-amhrán arís sa scannán *Budawanny* (Quinn 1987) agus chuir Roger Doyle, tionlacan leis mar chuid dá chúram mar chumadóir ceoil don scannán. Is féidir a rá inniu gur mó daoine a deir **an** t-amhrán ar an fhonn sin ná mar a úsáideann an fonn a chuireadh Beairtle Beag Ó Conghaile leis agus amhránaithe eile Charna. Chuala mé daoine i gCarna ag tabhairt fonn 'an taobh thoir' air an dara ceann seo, ach má thug, fiú i gCarna, sa lá inniu, tá éileamh níos mó ar fhonn Sarah Ghriallais ná mar atá ar an seanfhonn. Léiríonn an t-athrú sin arís an ghné

dhinimiceach a bhaineann le traidisiún beo agus an bealach ar féidir le hathrú a dhéanann amhránaí cumasach dul i bhfeidhm ar an traidisiún, ionas go nglactar leis an nuáil sin mar an leagan caighdeánach, an leagan is fearr a nochtann an dúchas.

Tháinig borradh faoin cheol traidisiúnta ó na blianta sin ar aghaidh agus ceann de na feiriméin a tháinig chun cinn ná an grúpa Líadan, arbh as Conamara dá bpríomhamhránaí Síle Denvir. Tá leagan an bhanna ceoil seo anois ar YouTube agus Síle a ghabháil agus nach mór 134,000 duine anois i ndiaidh a bheith á fhéachaint. Is é an fonn ‘nua’ an fonn a úsáideann Síle leis, rud a chuireann in iúl go bhfuil próiseas an chlaochlaithe buanaithe go maith faoin tráth seo.

Maidir le Muiris Ó Meara agus an tsuim a bhí aige in AM, scríobh sé chugam i Meitheamh na bliana 2012 ar ríomhphost ag fiafraí díom faoin amhrán. Bhí Muiris ag déanamh staidéir ar an scannán *Cré na Cille* le Robert Quinn agus scríobh sé chugam faoin amhrán. Ba é seo an freagra a thug mé féin air:

Cuirtear i mbéal Mháire Ní Chlochartaigh an t-amhrán. Is cinnte nár chuir sí peann ar phár. B'fhéidir go raibh iarracht éigin de scríobh an Bhéarla aici ach is cinnte nach raibh aon rian de scríobh na Gaeilge aici. B'fhearr liom féin an téarma 'dhein' nó 'rinne' sí an t-amhrán. Tá cur síos ag Tim Robinson i gceann dá chuid leabhar ar an amhrán seo chomh maith.

Baineann an t-amhrán le ceann de cheisteanna cigilteacha na sochaí dar ndóigh. Deirtear go magúil uaireanta go gcuirtí an cheist 'Ar mhaith leat do chur le mo mhuintirse?' ar mhná mar cheiliúr pósta. Bhíodh an teannas ann idir na cliamhaineacha agus an mhuintir nua agus tá cuntais ann faoi throidheanna a d'éirigh maidir le cén áit a gcuirfí corp mná – lena muintir féin nó le muintir a fir. (Ó Crualaoich 1998, 199-200). Mar sin de, cuid de chumhacht an amhráin an guth láidir cinnte a thugann sé don bhean agus go gcuireann sí a mian in iúl go soiléir – gur lena muintir féin ba mhaith léi á cur. Seans gur duine éigin eile a dhein an t-amhrán bunaithe ar an scéal – nílim cinnte. Níor mhór labhairt le duine a mbeadh eolas níos mine aige ar na craobha ginealaigh ná mise. Is dóigh liom go mbeadh níos mó eolais ag Gearóid [Denvir] ar na ceisteanna sin.

Tá rud eile san amhrán – an dá phobal in aghaidh a chéile. Tugann muintir Charna 'an taobh thall' ar Cheantar na nOileán agus is geall le tír strainséartha acu é amach is amach ba dhóigh

leat. Nuair a chuaigh Séamus Ennis go dtí na hOileáin ar bhád as Cill Chiaráin casadh fear air a bhí ag cur troda ar féin agus ar a chomrádaithe. Mar sin, tugann an t-amhrán guth don teannas sin leis. (uí Ógáin 2007, 255).

Murar chum (mura ndearna) Máire Ní Chlochartaigh an t-amhrán, bunaíodh é ar fhírinne éigin agus is í an fhírinne sin na pointí atá luaite thuas agam. An teannas idir an cliamhain agus an mhuintir féach 'An Taoille Tuile' le Máirtín Ó Cadhain, áit a bhfaightear léiriú eile air. Gan amhras tá sé go rábach in Cré na Cille leis agus an teannas idir áiteanna atá ina gcomharsana ag a chéile ach a mbíonn iomaíocht agus coimhlint eatarthu mar gheall ar chúrsaí teorann.

D'fhreagair Muiris:

Níor rith na nithe sin liom in aon chor agus tá an léamh sin thar a bheith spéisiúil. Tá an t-amhrán seo sa scannán Cré na Cille (Áine Ní Dhroighneáin) ach fágтар an líne deireanach agus an líne is tábhachtaí, dar liom, ar lár .i. 'ní bheidh uaigneas orm ann'. Canathaobh? Is dóigh liom go dtugann sé seo le fios go raibh 'uaigneas' orthu uile i gcré na cille, ar shlí. Ceist mhór achrannach is ea cad atá i gceist againn le 'uaigneas', áfach.

Arsa mise arís:

Is fiú a lua chomh maith go bhfuil sé sa seanchas gur éirigh stoirm a mhair trí lá i ndiaidh do Mháire Ní Chlochartaigh síothlú agus nár éirigh leo a mian a chomhlíonadh, agus go bhfuil sí curtha i Leitir Calaidh. B'fhiú féachaint ar Blas Meala: A Sip from the Honey-pot Brian O'Rourke, 1985, mar a bhfuil cur síos suimiúil aige ar an amhrán seo. D'aistrigh seisean go Béarla é mar amhrán agus tá an t-aistriúchán á rá i gcónaí i gConamara.

Sa léirmheas sin ar cheirnín le Sarah Ghriallais a thug mé 'last will and testament' air (Ó Laoire 2003). Deirtear an-mhinic ag sochraidí é. Is cuimhin liom Sarah á rá ag sochraid neachta léi tá dhá bhliain ó shin (2010), bean mhuinteartha di a fuair bás i Chicago agus ar tugadh an corp abhaile. Bhí an séipéal lán agus chorródh gabháil Shorcha na clocha féin. Bhí gach éinne ag caint air ina dhiaidh sin. Chuir sé an-mhaise ar an ócáid.

Agus an freagra deireanach uaidh siúd:

Braithim go mbeidh orm aiste iomlán a scríobh ar AM agus ar fheidhm an amhráin seo i gCré

na Cille, go háirithe. Luann Nollaig Ní Laoire in agallamh ar YouTube — ‘Amhráin Is Ansa Liom’ — nár cuireadh Máire Ní Chlochartaigh i Maínis. Luann sí, leis, gur scríobh Máire an t-amhrán seo ach sin scéal eile! Braithim gur baineadh earraíocht iontach cliste as an amhrán seo sa scannán Cré na Cille mar níor cuireadh Caitriona san áit ar theastaigh uaithi, leis, i ndeireadh na dála.

Táim deimhnitheach go bhfuil ábhar inspéise aimsithe agam anseo agus tá na tagairtí sin atá luaite agat thar a bheith spéisiúil go deo... ní bheinn ábalta mo smaointe féin agus nachaon rud atá luaite agat liom a shá isteach in aon aiste amháin anois, áfach. Beidh mé i dteagmháil leat arís mar ba mhaith liom mo léamh féin a sholáthar ar an amhrán seo agus anuas ar sin, ba mhaith liom tagairtí a dhéanamh do na nithe atá luaite agat féin.

Ní dóigh liom gur chríochnaigh Muiris an aiste sin agus ba mhór an trua. Léiríonn an comhfhreagras gearr ríomhphoist sin an intinn ghéarchúiseach lasta a bhí aige. Léirítear fosta an chruthaitheacht a bhí ann agus an cúram a chaitheadh sé lena chuid machnaimh.

D’ainneoin nár scríobh sé an aiste d’fhan AM ina chuimhne agus ina chroí. Nuair a buaileadh tinn é, agus gan aige ach tamall gearr eile ar an saol, d’iarr sé mar achaine go gcanfadh Síle Denvir an t-amhrán ag a shochraid. Rinneadh rud air. B’fhóirsteanach an tionlacan é ar shochraid scoláire a raibh tuiscint chomh grinn, léir sin aige ar chúrsaí cultúrtha agus litríochta. Mar a dúirt an léirmheastóir Peadar Bairéad maidir leis an amhrán ina léirmheas ar *Blas Meala*:

Fíonn an t-amhrán seo eangach thart ar mo chroí. Is giall mé ag an stíl chanta. Is cime mé ag an nguth Gaelach. Ní dóigh liom gurb iad na focail a dhéanann an beart, mar níl iontu i ndáiríre, ach an meán trína n-oibrítear an asarlaíocht seo orm (Bairéad 1986: 33).

Saothair a Ceadaíodh

- Bairéad, Peadar. Léirmheas ar *Blas Meala*. *Comhar* 45: 1 (1986): 33.
- Carter, Paul. *Ground Truthing*. Crawley: UWA Publishing, 2010.
- Carlanna Sheosaimh Uí Éanaí. www.joeheaney.org
<http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=1149> (Léite: 1 Lúnasa 2016).
- Casey, Edward S. *The Fate of Place*. Berkeley: University of California Press, 1998.
- Cashman, Ray. *Storytelling on the Northern Irish Border: Characters and Community*.
Bloomington & Indianapolis: Indiana University Press.
- Coláiste Árainn Mhóir. *Rabharta Ceoil*. Dlúthdhiosca. Árainn Mhóir: Coláiste Árainn Mhóir, 2011.
- Dúchas.ie. Cnuasach Bhéaloideas Éireann. Suíomh Idirlín. www.duchas.ie (Léite 1 Lúnasa 2016).
- Éagsúil. *Corn Uí Riada – Buaiteoirí 1972-2007*. Dlúthdhiosca agus leabhrán CICD 177. (Cló Iar-Chonnacht/Raidió na Gaeltachta 2009).
- Honko, Lauri. 'The Folklore Process.' *Folklore Fellows' Summer School Programme*.
Turku: Suomalainen Tiedeakatemia, 1991: 25-47.
- Mac Aodha, Risteard Dónal. *Na Fonnadóirí: Taispeántas agus Anailís, Fonnadóirí Pharóiste Leitir Móir*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 1996.
- Mac Con Iomaire, Liam. *Nár Fhagha Mé Bás Choíche: Seosamh Ó hÉanaí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.
- [M]ac Dhonnchadha, Seán. *An Aill Bháin: Songs in Irish and English from Connemara*.
Baile Átha Cliath: Ceirníní Cladaigh, (CC9), 1971.
- Ní Fhlaitheartaigh, Ríonach. *Clár Amhrán Bhaile na hInse*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1976.
- Ní Ráinne, Sinéad. *Cumarsáid Phearsanta*. Lúnasa, 2015.
- Ó Con Cheanainn, Ciarán. *Clár Amhrán Mhaigh Cuilinn*. Baile Átha Cliath: Comhar Bhéaloideas Éireann, 2011.
- Ó Curnáin, Brian. *Teachtaireacht Ríomhphoist*, 20 Lúnasa 2015.
- Ó Flatharta, John Beag. *The Winds of Freedom* (Dlúthdhiosca, CICD 106, 1994).
- Ó Ceallaigh, Tomás. *Ceol na nOileán. Eagrán nua le William Mahon*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1990 [1931].
- Ó Conghaile, Micheál, L. Ó Tuairisg, P. Ó Ceannabháin. *Leabhar Mór na nAmhrán*.
Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2013.
- Ó Cruaioich, Gearóid. 'The Merry Wake.' *Irish Popular Culture 1650-1850*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press. 1998, 173-200.

- Ó hEochaidh, Seán. *Cín Lae*. Cnuasach Béaloideas Éireann Iml. 1289, Ionad Uí Dhuilearga, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Ó Laoire. Lillis. 'Sean-nós Singing and Exoticism', *Journal of Music in Ireland*. (2003).
Ar fáil ag: <http://journalofmusic.com/focus/sean-nos-singing-exoticism> (léite 1 Lúnasa 2016).
- Ó Máille, Tomás. Láimhscríbhinní Thomáis Uí Mháille sa Leabharlann Náisiúnta. Robinson, Tim & Liam Mac Con Iomaire. *Camchuairt Chonamara Theas*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2002.
- O'Rourke, Brian. *Blas Meala: A Sip from the Honey Pot*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1985.
- Ó Tuama, Seán. 'Ómós Áite: A Rian ar Scríbhneoirí in Éirinn' *Comhar*. 51: 5. 1992: 176-185.
- Shields, Hugh. *Lays Ballads, Come-All-Yes and Other Songs*. Dublin: Irish Academic Press, 1993.
- uí Ógáin, Ríonach. *Mise an Fear Ceoil. Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942-46*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007.
- Quinn, Bob. *Budawanny*. Scannán. Gaillimh: Cinegae, 1987.
- Quinn, Robert. *Cré na Cille*. Scannán. Gaillimh: Rosg, 2007.
- Tuan, Yi Fu. *Topophilia*. Nua-Eabhrac: Columbia University Press, 1974.

ⁱ Ní hionann focail Bheairtle Bhig agus na focail atá ar an suíomh. Tagann siadsan ó leagan Sheosaimh Uí Éanaí atá i gcló chomh maith ag Liam Mac Con Iomaire in *Nár Fhagha Mé Bás Choíche: Seosamh Ó hÉanaí* (2007).

ⁱⁱ Tá mé buíoch de Dheirdre Ní Chonghaile as an eolas seo agus as cóip de láimhscríbhinn *Ceol na nOileán* ar a raibh nótaí lámhscríofa breactha. Ba í a chuir bailiúchán Shéamuis Mhic Con Iomaire ar mo shúile dom chomh maith agus a roinn liom a cuid nótaí ar an mbailiúchán sin.

ⁱⁱⁱ Tá mé buíoch de Roibeard Ó Cathasaigh a chuir an teachtaireacht seo a leanas chugam ar an 5.9.16 i dtaca le dáta an chomórtais úd: "Nuair a ghlaos istoíche Shatharn air [Maidhcí Joe Mac Gearailt], n'fhéadfadh sé an dáta a thabhairt chun cuimhne, agus thug buille fé thuairim gur sna hochtóidí déanacha a tharla sé, ach gan choinne, fuiareas glaoh ar an nDomhnach uaidh, le scéala go raibh an freagra go beacht aige a bhuíochas do Chlog Louis Mulcahy! —chuimhnigh sé gur bhuaigh sé an clog dá iarracht ar an oíche úd, agus greanta ar an gclog tá: Sean-nós na Nollag, 1995. Deir sé chomh maith gur ghnóthaigh sé an tarna duais, agus gurbh é Daithí Ó Sé a rug an chraobh leis, breith nár aontaigh a lucht leanta ó Lios Póil in aon chor leis!!! Anuas air sin go léir, deir Maidhcí go bhfuil taifeadh den chomórtas ag RnaG mar gur chuala sé a leagan fhéin den amhrán á sheinnt ar an raidió cúpla uair ó shin. Ar deireadh, sa chomhthéacs so cuimhním ar Mhícheál Ó Dubhshláine an té a chuir bonn go leanúnach fén gcomórtas úd (agus go leor eile nach é) agus a chuaigh ar shlí na fírinne an bhliain dár gcionn – solas geal na síoraíochta ar a anam ceolmhar."